# Uachtarán Veiniséala

Eochairfhocail: Veiniséala, cur i leith, gabh, neamhdhlisteanach, ionradh, i gcumhacht

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1.Cén tír a rithfidh Veiniséala as seo go ceann tamaill, de réir Uachtarán Mheiriceá Donald Trump?
2.Cé hiad na daoine i Veiniséala a ghabh trúpaí Mheiriceá?
3.Cén chuid de Veiniséala a d'ionsaigh trúpaí Mheiriceá?
4.Cad a mhol Uachtarán Veiniséala, Nicolás Maduro, cúpla lá sular gabhadh é?
5.Cad a chuir an tUachtarán Trump i leith Nicolás Maduro?
6.Cad a dúirt Donald Trump a dhéanfar le Nicolás Maduro agus a bhean chéile agus iad anois i Meiriceá?
7.Cad a chuireann Nicolás Maduro i leith Mheiriceá?
8.Cé a thiocfaidh i gcumhacht anois ar bhonn sealadach i Veiniséala?
9. Cad a d'eisigh an tUachtarán Trump ar Truth Social?
10. Cathain a rinne saighdiúirí Mheiriceá ionradh ar Panama?



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Léamhthuiscint ar Veiniséala

Is tír fhairsing i Meiriceá Theas í Veiniséala. Tá sí suite i dtuaisceart Mheiriceá Theas. Meastar go bhfuil daonra de 32 milliún duine sa tír. Is í an Spáinnis príomhtheanga labhartha Veiniséala ach aithnítear sa Bhunreacht go bhfuil 26 teanga eile sa tír. Coilíneacht de chuid na Spáinne ar feadh nachmór trí chéad bliain a bhí sa cheantar sin a dtugtar Veiniséala anois air. Rinneadh cos ar bolg ar threibheanna dúchasacha an cheantair le linn an ama sin. Baineadh neamhspleáchas polaitiúil amach ón Spáinn i mblianta luatha an naoú haois déag agus ba dheachtóireachtaí míleata ba mhó an cineál rialtais a bhí i bhfeidhm sa tír go dtí lár na haoise seo caite, tráth ar tháinig rialtais dhaonlathacha chun cinn. Baineadh croitheadh as muintir Veiniséala cúpla babhta le hos cionn daichead bliain anuas de bharr deacrachtaí móra eacnamaíochta agus tá míshocracht pholaitiúil feicthe sa tír chomh maith le blianta beaga anuas.

**Ceisteanna Eolais agus Gramadaí**

1. Cén mhór-roinn ina bhfuil Veiniséala suite?
2. Cén tír Eorpach a raibh smacht aici ar Veiniséala ar feadh na mblianta fada?
3. Ar chaith na húdaráis Spáinneacha go maith le treibheanna dúchasacha an cheantair le linn an ama sin?
4. Cén saghas rialtais a bhí i bhfeidhm sa tír suas chomh fada le lár an fhichiú haois?
5. Cén cur síos sa sliocht a thugtar ar staid pholaitiúil na tíre le beagnach leathchéad bliain anuas?
6. Aimsigh sampla amháin den saorbhriathar san Aimsir Chaite ón sliocht.
7. Aimsigh sampla amháin den Chopail san Aimsir Chaite ón sliocht.
8. Aimsigh sampla amháin den Aidiacht Bhriathartha ón sliocht.
9. Aimsigh sampla amháin den Tuiseal Ginideach d’Ainmfhocal Baininscneach ón sliocht.

Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**Ag obair le do pháirtí ranga déanaigí plé ar dheacrachtaí reatha Veiniséala le tamall gearr anuas. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat an plé a reáchtáil.**

- an bochtanas ag méadú
- caimiléireacht san aos polaitíochta
- míshástacht i measc an phobail
- saibhir agus daibhir
- ionradh
- sa todhchaí
- saighdiúirí Mheiriceá
- éiginnteacht



## Freagraí

1. Meiriceá
3. Uachtarán na tíre agus a bhean chéileAn phríomhchathair, Caracas
4. Cainteanna idir Veiniséala agus Meiriceá chun an teannas eatarthu a mhaolú
5. Go raibh móreagraíocht drugaí á reáchtáil aige agus go raibh sé i gcumhacht go neamhdhlisteanach
6. Cuirfear an dlí orthu
7. Go bhfuil siad ag iarraidh smacht a fháil ar stoc ollmhór ola Veiniséala
8. Leas-Uachtarán na tíre, Delcy Rodríguez
9. Grianghraf de Nicolás Maduro á thabhairt go Meiriceá
10. 1989

1. Meiriceá Theas
2. an Spáinn
3. níor chaith, rinneadh cos ar bolg orthu
4. Deachtóireachtaí míleata
5. míshocair
6. sliocht. rinneadh, baineadh
7. . ba
8. feicthe, suite
9. labhartha, Spáinne, haoise, eacnamaíochta